
Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir

De réir Alt 38 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001

Lúnasa 2011



The Teaching Council
An Chomhairle Mhúinteoireachta

Clár

Réamhrá	4
Gluais	5
Brollach	6
Critéir agus Treoirlínte	
1 Ionchur	8
1.1 Creat Coincheapúil	
1.2 An Clár	
1.2.1 Aidhmeanna Cláir	
1.2.2 Dearadh Cláir	
1.2.3 Réimsí Staidéir	
1.2.4 Straitéisí Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe	
1.2.5 Socrúchán Scoile	
1.3 Tréimhse agus Ábhar Clár um Oideachas Tosaigh Múinteoirí	
1.4 Iontráil Mac Léinn	
1.5 Soláthar Foirne	
1.6 Áiseanna	
1.7 Córais um Thacú agus Treorú Mac Léinn	
1.8 Struchtúir Chumarsáide agus Cinnteoireachta	
1.9 Acmhainní Airgeadais	
2 Próisis	20
2.1 Cur chuige um Theagasc, Foghlaim agus Measúnú	
2.2 Plé Múinteoirí faoi Oiliúint leis an gClár	
2.3 Plé Múinteoirí faoi Oiliúint le Baill Foirne agus le Múinteoirí eile faoi Oiliúint	
2.4 Dul chun cinn laistigh den Chlár	
2.5 Forbairt Phearsanta agus Shóisialta	
2.6 Meonta, Luachanna agus Claonta Gairmiúla	
2.7 Foghlaim ar feadh an tSaoil	
2.8 Próisis Mhachnamhacha	
3 Torthaí	22
3.1 Leithead Eolais/Cineál Eolais	
3.2 Fios Gnó & Réimse Scileanna/Fios Gnó & Roghnaíocht Scileanna	
3.3 Inniúlacht-Chomhthéacs/Inniúlacht-Ról	
3.4 Inniúlacht-Foghlaim chun Foghlama	
3.5 Inniúlacht-Léargas	

Réamhrá

I mí na Nollag 2010, bhunaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Grúpa Comhairleach ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM). Cuireadh de chúram ar a ngrúpa, moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis na critéir agus leis na treoirlínte a d'úsáidfeadh soláthraithe chun cláir oideachas tosaigh múinteoirí a athchoincheapú ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Tháinig an grúpa le chéile seacht n-uair idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2011; dréachtadh agus pléadh roinnt atriallta agus uaidh sin tháinig an cháipéis seo agus glacadh leis ag cruinniú na Comhairle ar 13 Meitheamh 2011.

Tá na critéir agus na treoirlínte bunaithe ar Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí agus tá siad dlúth-tháite le Straitéis um Athbhreithniú agus Creidiúnú ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí. Mar sin is droichead iad idir polasaí na Comhairle agus cláir athchoincheapaithe um oideachas tosaigh múinteoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sna Forais Ard-Oideachais. Cuireann siad soiléire ar fáil do na FAO agus cuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na cláir acu ag teacht le riachtanais chreidiúnaithe na Comhairle.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an ghrúpa, a ainmnítear thíos, as a gcuid ama a thabhairt go fial, as a gcuid cumais agus taithí a roinnt go toilteanach agus as an gcúram a ghlacadar le mionsonraí le linn dóibh bheith i mbun oibre. Táimid faoi chomaoin ag Carmel Kearns, Oifigeach Oideachais na Comhairle, a d'fheidhmigh mar rúnaí le linn an phróisis ar fad.

Le gach dea-ghuí,



Áine Lawlor, POF/Stiúrthóir, Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh

Baill an Ghrúpa Chomhairligh

Lily Cronin, Cathaoirleach na Comhairle Múinteoireachta agus Múinteoir Iar-bhunoideachais

Emer Egan, Ball den Chomhairle Mhúinteoireachta agus Leas-Phrómhchigire

Dr Jim Gleeson, Ball den Chomhairle Mhúinteoireachta agus Léachtóir Sinsearach, Ollscoil Luimnigh

An tOllamh Gary Granville, Ceannasaí Oideachais, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

Johnny Nevin, Príomhoide, Iar-bhunscoil Mhaigh Nuad

Máirín Ní Chéileachair, Príomhoide, Gaelscoil Uí Fhiaich, Maigh Nuad

Dr Anne O'Gara, Ball den Chomhairle Mhúinteoireachta agus Uachtarán, Institiúid Oideachais Marino

Dr Pauric Travers, Ball den Chomhairle Mhúinteoireachta agus Uachtarán, Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Dr Alan Wall, Stiúrthóir, An Roinn Oideachais agus Scileanna

Áine Lawlor, POF/Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta

Gluais

Punann Ghairmiúil

Ciallaíonn an téarma punann ghairmiúil, sa cháipéis seo, gléas a úsáideann múinteoir faoi oiliúint chun a c(h)uid oibre a dhoiciméadú, mar thaca chun athbhreithniú ar a c(h)leachtas, agus chun réimsí a léiriú ina mbeadh tacaíocht nó treoir de dhíth air/uirthi. Is cabhair an phunann do mhic léinn a bheith comhfhiosach faoi na teoiricí agus na boinn tuisceana a threoraíonn a gcleachtas, agus cuireann sé bonn le hidirphlé comhoibrítheach faoin teagasc.

FAO

Ciallaíonn an téarma FAO nó Foras Ard-Oideachais sa cháipéis seo, na coláistí, ollscoileanna agus forais eile tríú leibhéal a sholáthraíonn clár nó cláir oideachas múinteoirí.

Socrúchán Scoile

Ciallaíonn an téarma socrúchán scoile an chuid sin den chlár a tharlaíonn i suímh scoile, agus gur aidhm dó deis a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint teoiric oideachais a chur i bhfeidhm faoi chúinsí teagaisc agus comhthéacsanna scoile éagsúla. Tugann sé deis do mhúinteoirí faoi oiliúint páirt a ghlacadh i saol na scoile ar bhealach struchtúrtha tacaíthe. Tuigeann an Chomhairle gur leithne an téarma “cleachtadh teagaisc” i gcomhthéacs oideachas múinteoirí in Éirinn. Meastar áfach, gur fearr a léiríonn an téarma “socrúchán scoile” bunús an taithí a chuimsíonn réimse gníomhaíochtaí teagaisc agus gníomhaíochtaí eile.

Teagascóir Socrúcháin FAO

Ciallaíonn an téarma Teagascóir Socrúcháin FAO sa cháipéis seo duine a chuireann soláthraí cláir ar fáil mar thaca agus mar mheantóir ag múinteoirí faoi oiliúint, chun a gcleachtas a mheas le linn dóibh bheith páirteach sa chuid socrúcháin den chlár. Tuigeann an Chomhairle gur leithne a úsáidte an téarma “maoirseoir” go traidisiúnta. Meastar, áfach, gur fearr an téarma teagascóir, mar gur cruinne a léiríonn sé nádúr an ról.

Brollach

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí Márta 2006 mar an comhlacht um chaighdeán ghairmiúla mhúinteoireachta. Tá cumhachtaí suntasacha ag an gComhairle maidir le hoideachas múinteoirí mar atá leagtha síos san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 ('an tAcht'). I bhfeidhmiú na gcumhachtaí seo, oibríonn an Chomhairle laistigh de chreat a *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*. Léiríonn an polasaí comhthéacs éabhlóideach fuinniúil na múinteoireachta agus ról múinteoirí in Éirinn inniu atá ag dul i gcastacht. Sa chomhthéacs sin, deir sé:

“... gur tráthúil anois é dearcadh úr críochnúil a thabhairt ar oideachas múinteoirí, chun a chinntiú go mbeidh múinteoirí an lae amárach inniúil ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu, agus gur foghlaiméoirí ar feadh an tsaoil iad, de shíor ag oiriúnú ar feadh a ngairmréime chun iad féin a chumasú mar thacaithe le foghlaim a gcuid daltaí.”

Deir sé freisin gur chóir go mbeadh nuálaíocht, comhtháthú agus feabhsú mar bhonn le céimeanna uile an leanúntais.

Comhthreomhar le cur chun cinn a *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* ag an gComhairle, d'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna *Draft National Plan to Improve Literacy and Numeracy in Schools* i mí na Samhna 2010. Sa phlean sin, cuireadh an-bhéim ar fhorbairt ghairmiúil mhúinteoirí agus moladh gur chóir an tréimhse oideachas tosaigh múinteoirí a fhadú agus ábhar an chláir a athchoincheapú. Ba thráthúil é foilsíú an dréachtphlean náisiúnta um litearthacht agus uimhearthacht mar gur thug sé spreagadh breise d'obair na Comhairle maidir leis an *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* na Comhairle a chur chun cinn. Tá sé suntasach freisin go bhfuil an Chomhairle anois ag leagan amach, don chéad uair i stair an Stáit, torthaí foghlama do chéimithe uile na gclár OTM.

Cuireadh an cháipéis seo le chéile chun leagan amach a dhéanamh ar na critéir agus treoirlínte is gá do sholáthraithe clár OTM a leanúint. Mar sin is droichead iad idir pholasaí na Comhairle agus clár athchoincheapaithe um oideachas tosaigh múinteoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Cé go dtuigtear go bhfuil idirghaol idir gnéithe uile na gclár oideachas múinteoirí, déantar na critéir agus na treoirlínte a chatagóiriú faoi lonchur, Próisis agus Torthaí. Tá tionchar tábhachtach ag na trí ghnéithe ar chaighdeán oideachas múinteoirí. Léirítear sa cháipéis an tlonchur agus an tAschur atá riachtanach ach níl na Próisis chomh saintreorach san. Tugann sé seo saoirse do na FAO na próisis is fearr a thabhairt chun cinn a oireann dá gcúinsí ar leith féin.

De réir Alt 38 den Acht, tá cláir OTM faoi réir athbhreithnithe agus creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta, chun críche chlárúcháin. Sa chomhthéacs seo, tá tábhacht ag baint leis an gcáipéis seo do sholáthraithe cláir agus do phainéil athbhreithnithe cláir. Beidh suim ann freisin ag múinteoirí agus ag gach duine atá páirteach chun teagasc ar ardchaighdeán a chur chun cinn sna scoileanna.

Baineann na critéir agus na treoirlínte a leagtar amach sa cháipéis seo le múnlaí reatha OTM ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. D'fhéadfaí, amach anseo, múnlaí OTM a fhorbairt a dhéanfadh bunoidéachas, iar-bhunoideachas agus breisoideachas a nascadh; má tharlaíonn a leithéid, beidh gá le critéir agus le treoirlínte a leagan amach chun é seo a léiriú.

Tá an cháipéis ar fáil le híoslódáil ar an leathanach Oideachas Múinteoirí ag www.teachingcouncil.ie; ba chóir é a léamh i dteannta le Straitéis na Comhairle um Athbhreithniú agus Creidiúnú Gairmiúil Clár OTM agus an Pro Forma a ghabhann leis maidir le doiciméadú cláir a chur isteach.

Critéir & Treoirlínte

1. Ionchur

1.1 Creat Coincheapúil

Ba chóir tacaíocht a thabhairt do Chláir OTM le creat coincheapúil sainmhínithe go soiléir. Ba chóir do sholáthraithe an creat a thabhairt chun cinn, bunaithe ar thaighde agus ar cháipéisí na Comhairle - *Polasáí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí agus Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí*.

Ba chóir go ndéanfadh an creat coincheapúil sonrú ar na prionsabail, na tuairimí agus na luachanna faoi oideachas, faoi oideachas múinteoirí, agus faoi theagasc agus faoi fhoghlaim san earnáil ar leith oideachais dá bhfuil an clár deartha. Ba chóir dó tosú le ráitis léirshonraithe teoirice agus réasúnaíocht a léiriú don mhúnla OTM a ghlac an soláthraí. Ba chóir go mbeadh fianaise ar na naisc shoiléire atá idir aidhmeanna an chláir agus an creat coincheapúil, agus athchuart ar théamaí lárnacha le linn an chláir.

1.2 An Clár

Ba chóir go mbeadh creidiúnú acadúil faighte ag cláir. Chomh maith leis sin, ba chóir go gcuirfí athbhreithniú inmheánach leanúnach, i dteannta le polasaithe agus cleachtais um chinntiú cáilíochta, i bhfeidhm ar chláir. Ba chóir go mbeadh na critéir a threoraíonn athbhreithniúcháin inmheánacha ag teacht lena bhfuil sa cháipéis seo.

Ba chóir Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh chun gnéithe uile clár a scrúdú.

1.2.1 Aidhmeanna Clair

Ba chóir go gcomhlíonfadh cláir OTM riachtanais chúí na rialachán um chlárúchán ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Ba chóir dóibh bheith bunaithe ar aidhmeanna léirmhínithe atá dlúthcheangailte le creat coincheapúil an chláir agus léirithe i dtorthaí ar leith foghlama.

Ba chóir do chláir sraith inniúlachtaí a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe chun foghlaim den scoth a éascú agus freastal ar thosaíochtaí náisiúnta mar litearthacht, uimhearthacht agus cuimsiú.

Ba chóir do chláir múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú maidir le teagasc, le foghlaim agus le measúnú ina gcuid scoileanna. Áirítear anseo eolas agus oideolaíocht ábhair, stiúradh seomra ranga agus teagasc difreálach.

Ba chóir do chlár múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú dá ról gairmiúil i gcomhthéacs timpeallacht scoile atá comhoibritheach fuinniúil, ag cabhrú leo chun plé le comhghleacaithe, le comhghairmithe agus le tuismitheoirí agus a gcuid ról ar leith a thuiscint.

Go hachomair, ba chóir do chlár a chinntiú go bhfuil múinteoirí an lae amárach inniúil ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu, agus ullamh chun bheith mar fhoghlaimoirí ar feadh an tsaoil, de shíor ag oiriúnú ar feadh a ngairmréime chun iad féin a chumasú mar thacaithe dá gcuid daltaí a gcumas iomlán a chomhlíonadh.

1.2.2 Dearadh Cláir

Ba chóir go mbeadh na múnlaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a leagan amach sa chreat coincheapúil le feiceáil i struchtúr an chláir. Ba chóir gach réimse staidéir a cheangail le hobair na mac léinn amach anseo mar mhúinteoirí, chun a dtuiscint agus a dtaithí ar chastacht an teagaisc a fhorbairt. Ba chóir do chlár fás sa ról gairmiúil agus forbairt phearsanta múinteoirí faoi oiliúint a éascú, á gcumasú mar chleachtóirí a bheidh freagrach, iontaofa, éifeachtach agus machnamhach.

Ba chóir cláir a dhearadh ar bhealach taispeántach comhtháite, le bonnstaidéir, staidéir ghairmiúla, socrúchán scoile agus, mar is cuí, disciplíní ábhair. Ba chóir do sholáthraithe pleanáil agus éascú chuige seo le próisis ghrúpa atá comhoibritheach agus trasdisciplíneach. Go háirithe, ba chóir bonnstaidéir a shníomh isteach sa chlár ar bhealach lánbhríoch do mhúinteoirí faoi oiliúint; ba chóir modúil a dhíriú ar cheangail idir chúrsaí, mhodhanna agus chomhthéacs sóisialta cleachtais i seomraí ranga agus scoileanna. Ba chóir go mbeadh cothromaíocht chúil idir na réimsí éagsúla staidéir maidir le tréimhsí agus acmhainní a roinnt orthu agus an cion creidiúintí a chuirtear ina leith. Tá riachtanais na Comhairle maidir leis seo leagtha amach i dTábla 1.

I dTábla 2 leagtar amach na réimsí staidéir atá ceaptha ag an gComhairle mar mhíreanna éigeantacha sna cláir uile. Laistigh den “Tréimhse Lánroghnach” cuirfidh FAO réimse cúrsaí roghnacha ar fáil, chun ligean do mhúinteoirí faoi oiliúint speisialtachtaí a thabhairt chun cinn. Faoi láthair tá roinnt FAO a roinneann cuid den tréimhse cláir ar ábhair ealaíne (ar a dtugtar “ábhair roghnacha¹ acadúla”); is amhlaidh an scéal maidir le cuid de na cláir chomhthráthacha bunoidéachais agus caithfidh siadsan na cláir a athdhearadh chun ábharthacht iomlán le hoideachas múinteoirí a chinntiú. Sa chás go bhfuil athchoincheapú á dhéanamh ar chlár chomhthráthacha iar-bhunoideachais, ba chóir do sholáthraithe aird ar leith a thabhairt ar na siollabais ábhair chúil.

¹ Measann an Chomhairle gur staidéir acadúla iad na réimsí staidéir uile in OTM agus creideann sí gur chóir deireadh a chur leis an gcleachtas reatha a roinneann agus a rangaíonn staidéir mar “acadúil” nó “oidéachas”.

Ba chóir go ligfeadh dearadh cláir athchuart a thabhairt ar choincheapa agus ar thopaicí lárnaigh chun tuiscintí a dhoimniú. Ba chóir dó freisin éagsúlacht taithí a sholáthar do mhúinteoirí faoi oiliúint a chuirfidh lena bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil.

Ba chóir go n-éascódh amchláir staidéar neamhspleách ag múinteoirí faoi oiliúint agus deiseanna a sholáthar maidir le machnamh, in aonair agus i ngrúpaí.

Ba chóir cláir a dhearadh chun éagsúlacht modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe a scaoileadh isteach, de réir mar is cuí, sa réimse staidéir. Ba chóir go mbeadh ranganna teagaisc, obair i mionghrúpaí agus foghlaim thaitheoch mar chuid lárnaigh de chláir uile OTM.

Tábla 1: Cothromaíocht Chláir OTM

	Bunoideachas Comhleantach 2 bhliain (60 seachtaine) + Socrúchán Fadaithe Gaeltachta	Bunoideachas Comhthráthach 4 bliana (120 seachtaine) + Socrúchán Fadaithe Gaeltachta	Iar-bhunoideachas Comhleantach 2 bhliain (60 seachtaine)	Iar-bhunoideachas Comhthráthach 4 bliana (120 seachtaine) + Socrúchán Fadaithe Gaeltachta mar is cuí
Disciplín(i) Ábhair				50% ²
Bonnstaidéir & Staidéir Ghairmiúla	50%	55%	50%	25%
Socrúchán Scoile	40% (24 seachtaine)	25% (30 seachtaine)	40% (24 seachtaine nó a choibhéis)	25% (30 seachtaine nó a choibhéis)
Tréimhse Lánroghnach	10%	20%	10%	
Socrúchán Gaeltachta	Le plé	Le plé	Le plé	(3 mhí chónaitheacha riachtanach i gcláir fochéimithe mar chuid de na critéir um chlárúchán sainiúil don ábhar ag an gComhairle Mhúinteoireachta

² Tuigtear go bhféadfadh fadhbanna a bheith anseo maidir le cláir áirithe, i.e. Corpoideachas agus Eacnamaíocht Baile, agus tabharfaidh an Chomhairle aghaidh air seo i gcomhar leis na soláthraithe cláir chuí.

Nuair atá cláir oideachas múinteoirí á ndearadh, is gá breathnú a dhéanamh ar chaighdeán na Gaeilge ag múinteoirí bunoidreachais agus iar-bhunoideachais, maidir le Gaeilge a mhúineadh mar ábhar, í a úsáid mar mheán cumarsáide i scoileanna agus í a úsáid mar mheán teagaisc. Chuige seo, is gá freastal ar mhúineadh agus ar inniúlacht sa Ghaeilge ag múinteoirí faoi oiliúint le cur chuige ilghnéitheach agus díriú ar Ghaeilge labhartha. Ba chóir do chlár tréimhse chónaithe sa Ghaeltacht, fadaithe agus athchoinceapaithe, a chur ar fáil, a bheidh anois mar chuid den chlár iomlán agus faoi stiúir dhíreach ag na soláthraithe oideachas múinteoirí. Ba chóir go nglacfadh foireann FAO páirt ghníomhach maidir le dearadh, le forbairt agus le meastóireacht an chúrsa Gaeltachta, chun a chinntiú go bhfuil díriú ar leith ann ar theagasc agus ar fhoghlaim teanga agus go bhfuil sé comhtháite go héifeachtach sa chlár.

Ba chóir aird a thabhairt freisin ar chaighdeán litearthachta agus uimhearthachta. Ba chóir go ndéanfadh dearadh cláir a chinntiú go dtugtar deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint cur lena gcumas litearthachta agus uimhearthachta féin, agus lena n-inniúlacht ar litearthacht agus ar uimhearthacht a chothú agus a mheas, de réir mar a bhaineann lena réimse(i) curaclaim/ábhair.

1.2.3 Réimsí Staidéir

Tuigtear go leanann oideachas múinteoirí ar feadh thréimhse iomlán gairmréime an mhúinteora; ba chóir go ndíreodh OTM ar shraith inniúlachtaí tosaigh ar ardleibhéal a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint, gur féidir leo tógáil orthu tríd an leanúntas in oideachas múinteoirí. Sa chomhthéacs seo, cuirtear béim ar thábhacht OTM maidir le feabhsú scoile agus le foghlaim na ndaltaí.

Ba chóir do chlár díriú ar fhorbairt phearsanta an mhúinteora faoi oiliúint, agus ar ullmhú do shaol an tseomra ranga agus do phlé gníomhach a dhéanamh le teagasc laistigh de phobal foghlama gairmiúil. Maidir leis seo, ba chóir codanna cláir a tharraingt ó *Cód Iompair Ghairmiúil* na Comhairle Múinteoireachta.

Ba chóir na bonnstaidéir, na staidéir ghairmiúla, an socrúchán scoile agus, mar is cuí, na disciplíní ábhair a phleanáil go cúramach maidir leis an athrú atá tagtha ar thuiscintí ar nádúr na foghlama agus ar an ngaol idir teoiric agus cleachtas. Ba chóir go mbeadh cothromaíocht chúí sa chlár maidir leis na réimsí seo agus ba chóir an gaol eatarthu a shoiléiriú.

I gcás múinteoirí faoi oiliúint ar chlár iarchéime OTM (múnla comhleantach) do mhúinteoirí iar-bhunoideachais, beidh an staidéar ar eolas ábhair déanta acu mar fhochéimithe. Sa mhúnla comhthráthach in oideachas múinteoirí, ba chóir do na codanna discipline ábhair:

-
- aird a thabhairt ar na siollabais chuí agus
 - bheith comhtháite sa chlár ar bhealach atá lánbhríoch do mhúinteoirí faoi oiliúint.

Ba chóir do bhonnstaidéir:

- na hábhair seo a leanas a chuimsiú–staidéir churaclaim, stair agus polasaí an oideachais, fealsúnacht an oideachais, síceolaíocht an oideachais, socheolaíocht an oideachais
- trí staidéir macra churaclaim, tuiscint mhúinteoirí faoi oiliúint a fhorbairt agus cur lena gcumas chun plé go criticiúil le haidhmeanna, le dearadh, le polasaí, le leasú, le hoideolaíocht agus le measúnú curaclaim.
- cur le tuiscint mhúinteoirí faoi oiliúint ar chóras oideachais na hÉireann, é a shuíomh i gcomhthéacs, agus iad a chumasú chun machnamh criticiúil a dhéanamh faoi.
- léargais, bunaithe ar thaighde, a sholáthar ar thuiscint mhúinteoirí faoi oiliúint ar chleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe
- solas a chaitheamh ar thoisí lárnaigh an chomhthéacs ghairmiúil ina bhfuil machnamh agus gníomhartha múinteoirí á ndéanamh
- bonn a chur faoi eitic láidir ghairmiúil sa mhúinteoireacht.

Ba chóir do staidéir ghairmiúla:

- oideolaíochtaí ábhair (modheolaíochtaí) agus staidéir churaclaim a chuimsiú
- eolas oideolaíochta ábhair a fhorbairt
- scileanna cumarsáide ag múinteoirí faoi oiliúint a chur chun cinn
- a chinntiú go dtuigeann agus go gcleachtann múinteoirí faoi oiliúint gur cineál foghlama féinmheasach é an teagasc féin, le raidhse deiseanna acu le haghaidh obair ghrúpa agus do thionscnaimh bunaithe ar fhiosrú le comhghleacaithe.

Ba chóir go dtabharfadh an socrúchán scoile deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint:

- teoiric agus cleachtas a chomhtháthú
- réimse leathan straitéisí a úsáid maidir le teagasc, le foghlaim agus le measúnú ranga a phleanáil agus a chleachtadh
- scileanna bainistíochta maidir le seomra ranga, le heagrú agus le hiompraíocht a fhorbairt
- breathnú ar mhúinteoirí le taithí ag teagasc agus bheith páirteach i réimse leathan imeachtaí scoile
- machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcleachtas
- aiseolas ar a gcleachtas a fháil agus freagairt dó
- comhairle agus treoir a lorg agus a ghlacadh i dtimpeallacht tacaíochta.

(Tuilleadh sonraí ag 1.2.5)

Tábla 2: Codanna Éigeantacha de Chláir OTM

Ba chóir do gach clár OTM aghaidh a thabhairt ar na codanna ar leith a leagtar amach thíos. Aithníonn an Chomhairle gur dóichí go bhfuil mórán de na réimsí seo staidéir i gcláir OTM, bonnstaidéir nó staidéir ghairmiúla, cheana féin. Tá an Chomhairle á leagan síos mar chodanna éigeantacha ar gach clár chun a chinntiú go nglacfaidh gach múinteoir faoi oiliúint leo amach anseo.

- Oideachas Luath-Óige (Bunoideachas)/Foghlaim Ógánta (Iar-bhunoideachas)
- Oideachas Uileghabhálach (Oideachas Speisialta, Ilchultúrthacht, Míbhuntáiste, srl)
- Uimhearthacht
- Litearthacht
- Gaeilge (Bunoideachas)
- An Múinteoir mar Ghairmí/Cleachtóir Machnamhach/Taighdeoir
- Punann Ghairmiúil a Fhorbairt
- Tuismitheoirí san Oideachas – Comhoibriú agus Comhairíocht
- An Scoil mar Phobal Foghlama
- Ullmhú chuig Socrúchán Scoile
- Teagasc, Foghlaim agus Measúnú, ar a n-áirítear Pleanáil Scoile agus Seomra Ranga
- Dífreáil
- Bainistiú Iompraíochta
- TFC maidir le Teagasc agus le Foghlaim
- Reachtaíocht a bhaineann leis an Scoil agus leis an Seomra Ranga
- An Múinteoir agus Gníomhaireachtaí Seachtracha.

Ba chóir soláthar a dhéanamh sna réimsí staidéir uile maidir le:

- grá foghlama, cleachtas machnamhach agus machnamh criticiúil a chothú
- tuiscint mhúinteoirí faoi oiliúint ar scoileanna mar eagraíochtaí a fhorbairt
- múinteoirí faoi oiliúint a fhorbairt mar thaighdeoirí agus mar fhoghlaiméoirí ar feadh an tsaol
- forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaltaí, ag tabhairt aird ar ról tréadach an mhúinteora
- litearthacht agus uimhearthacht mhúinteoirí faoi oiliúint, agus a n-inniúlacht chun litearthacht agus uimhearthacht a chothú agus a mheasúnú, de réir mar is cuí maidir lena réimsí féin curaclaim/ábhair.

1.2.4 Straitéisí Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe

Ba chóir go mbeadh na príonsabail, na tuairimí agus na luachanna faoi theagasc, faoi fhoghlaim agus faoi mheasúnú a leagtar amach sa chreat choincheapúil le feiceáil sna modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe a úsáidtear sa chlár. Ba chóir go mbeadh córais i bhfeidhm chun forbairt na n-inniúlachtaí ag céimithe múinteoireachta a mheasúnú, mar atá leagtha amach i gCuid 3, Torthaí, den cháipéis seo. Ba chóir dóibh bheith cothrom agus comhsheasamhach agus go gcinnteodh siad go mbeidh an céimí múinteora inniúil ar chleachtas seasmhach sa seomra ranga.

Ba chóir an t-am a roinnt idir léachtaí, ranganna teagaisc agus foghlaim neamhspleách chun éascú agus cothú a dhéanamh ar eolas inneachar ábhair; eolas oideolaíochta ábhair; oideolaíocht; litearthacht agus uimhearthacht i gcoitinne agus, go háirithe, de réir an churaclaim/siollabais; cleachtas machnamhach; TFC a úsáid i dteagasc agus i bhfoghlaim; taighde agus staidéar neamhspleách. Is codanna tábhachtacha iad na nithe seo ar fad maidir le scileanna gairmiúla ag múinteoirí faoi oiliúint a thabhairt chun cinn.

Tá sé tábhachtach straitéisí measúnaithe a úsáid chun críche diagnóise, múnlaíthe agus suimithe. Ba chóir go mbeadh gaol réalaíoch idir na deiseanna foghlama agus na critéir mheasúnaithe atá le baint amach ag múinteoirí faoi oiliúint. Ba chóir próisis agus cleachtais mheasúnaithe bheith comhleanúnach agus comhtháite, ag baint feidhm as éagsúlacht modhanna measúnaithe.

Chun an chéim a bhaint amach, ba chóir go mbeadh múinteoirí faoi oiliúint ábalta leibhéal inghlactha cumais a léiriú maidir le litearthacht agus le huimhearthacht. Ba chóir go ndéanfaí measúnú litearthacht agus uimhearthacht ag múinteoirí faoi oiliúint a thomhas, de réir mar is cuí dá réimsí ábhair/curaclaim. Ba chóir critéir ghrádaithe maidir le litearthacht agus le huimhearthacht a bheith sna measúnuithe uile, de réir mar is cuí.

Chun an cháilíocht atá á bronnadh a bhaint amach, caithfidh múinteoir faoi oiliúint pas a ghnóthú sa socrúchán scoile dá c(h)uid cláir oideachas múinteoirí, gan beann ar chodanna eile den chlár. Sa chás go dteipeann ar mhúinteoir faoi oiliúint pas a ghnóthú sa socrúchán scoile, ba chóir tacaíocht maidir le saibhriú teagaisc agus meantóireacht a thairiscint dóibh agus ansin deis amháin eile ar ath-shocrúchán³.

Maidir le baill foirne atá freagrach as measúnú ar chuid ar bith den chlár, ba chóir go mbeadh, ar a laghad, cáilíocht níos airde acu ná mar atá le baint amach ag an múinteoir faoi oiliúint. Aithnítear nach mbeidh sé seo indéanta i gcónaí, go háirithe maidir le measúnú ar an socrúchán scoile. Ina leithéid de chás, ba chóir polasaithe cuí maidir le forbairt foirne a chur ar fáil, chun a chinntiú go ndéantar cáilíochtaí a uasdátú agus eolas agus cumas a bhreisiú/leathnú, de réir mar is gá.

³ I gcásanna faoi leith, is féidir an dara triail a éascú más mian le múinteoir faoi oiliúint filleadh ar chlár tar éis tamall de bhlianta.

1.2.5 Socrúchán Scoile

Is cuid lárnach de chlár uile OTM é an socrúchán scoile. Ba chóir go mbeadh sé lárnach maidir le forbairt an mhúinteora faoi oiliúint agus nach bealach measúnaithe ar fheidhmiú an mhúinteora faoi oiliúint amháin é. Is luachmhar, agus criticiúil uaireanta, é an taithí maidir le cumas agus oiriúnacht an mhúinteora faoi oiliúint a dhéanamh amach, trí mheasúnú seachtrach agus féinmheasúnú. Mar gheall ar thábhacht agus ábharthacht na céime seo, caithfidh múinteoir faoi oiliúint pas a ghnóthú sa socrúchán scoile dá c(h)uid cláir oideachas múinteoirí, gan beann ar chodanna eile den chlár, chun an cháilíocht atá a bronnadh a bhaint amach.

Caithfidh tréimhse an tsocrúcháin scoile a bheith de réir riachtanas na Comhairle Múinteoireachta mar atá leagtha amach i dTábla 1. Caithfear na tréimhsí riachtanacha socrúcháin a lonnú i scoileanna atá aitheanta de réir Alt 10 den Acht Oideachais, 1998⁴. Ba chóir tréimhsí fadaithe de shocrúchán scoile a chur sa dara leath den chlár; ba chóir do cheann amháin ar a laghad de na tréimhsí níos déanaí a bheith ar fhad 10 seachtaine in aon scoil amháin. Sna socrúcháin uile, ba chóir go mbeadh an tréimhse fada go leor chun go gcuirfeadh múinteoirí faoi oiliúint aithne ar na daltaí agus ar an timpeallacht foghlama. Caithfear am a ligean don mhúinteoir faoi oiliúint chun foghlaim dhaltaí a phleanáil, a theagasc agus a mheasúnú, chun pleanáil a mheas agus a athbhreithniú, agus chun machnamh ar a c(h) leachtas. Ba chóir deiseanna a sholáthar freisin maidir le breathnú córasach sa scoil, obair chomhoibritheach le foireann na scoile agus páirt a ghlacadh ar bhealach struchtúrtha i saol na scoile.

Ba chóir go ligfeadh tréimhse an tsocrúcháin cur chuige níos machnamhaí agus níos dírithe ar fhiosrú a fhorbairt agus forbairt an mhúinteora mar chleachtóir machnamhach a éascú. Ba chóir go ligfeadh dearadh cláir ullmhú struchtúrtha don socrúchán scoile agus comhfhaisnéis agus machnamh díreach i ndiaidh an tsocrúcháin.

Ba chóir múnlaí nua agus nuálaíocha maidir le socrúcháin scoile a fhorbairt ar bhealach rannpháirteach, sa chaoi go ndéanfadh FAO agus scoileanna comhoibriú gníomhach chun socrúchán scoile a eagrú. Ba chóir do sholáthraithe a leithéid de mhúnlaí a chothú go gníomhach, bunaithe ar pholasaí scríofa faoi chomhpháirtíocht le scoileanna ina mbeadh:

- óstscoileanna a bheith mar phobail dea-chleachtas ghairmiúil
- breis freagrachta a leagan ar an ngairm maidir le tacaíocht struchtúrtha a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint. Ba chóir go gcuimseodh tacaíocht struchtúrtha, meantóireacht, maoirsiú agus aiseolas cuiditheach faoi chleachtas. Sa chomhthéacs sin, ba chóir deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint maidir leis an taithí a scrúdú go criticiúil, chomh maith le breathnú ar mhúinteoirí oilte agus bheith ag comhrá leo.

⁴ Sa bhreis ar na híosréimhsí leagtha amach ag an gComhairle Múinteoireachta i dTábla 1, is féidir le soláthraithe socrúcháin eile a lonnú i suímh eile nach bhfuil aitheanta de réir Alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

- cur chuige lánscoile maidir le tacú le múinteoirí faoi oiliúint, faoi threoir phríomhoidí mar chinnirí foghlama
- comhpháirtíocht treisithe idir Teagascóir Socrúcháin an FAO agus an Múinteoir Comhoibritheach
- éascú ag an FAO maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) le haghaidh Múinteoirí Comhoibritheacha agus a leithéid a chreidiúnú
- éascú ag an FAO, nuair is féidir, maidir le FGL do bhaill foirne eile sa scoil, bunaithe ar riachtanais na scoile
- soláthar a dhéanamh sa scoil maidir le baill foirne FAO ar mian leo a dtaithe teagaisc a uasdátú
- dhá lonnú socrúcháin ar a laghad chun go léireofaí, chomh fada agus is féidir agus is cuí, éagsúlacht maidir le suímh teagaisc, leibhéal ranga agus comhthéacsanna scoile: aoisghrúpaí éagsúla mac léinn; earnálacha éagsúla; timpeallachtaí éagsúla socheacnamaíocha agus cultúrtha; riachtanais speisialta oideachais; Gaelscoileanna/ Gaelcholáistí; suímh theagaisc ilranga/ilchumais; agus suímh chomhtheagaisc/teagaisc i ngrúpaí. Sna comhthéacsanna seo uile, ba chóir go dtabharfadh an socrúchán scoile deis do mhúinteoirí faoi oiliúint ceachtanna a phleanáil agus a chur i bhfeidhm agus aiseolas cuiditheach a fháil
- clár treoshuímh do mhúinteoirí faoi oiliúint, bunaithe sa scoil, ag tús an tsocrúcháin
- méadú céimnithe maidir le freagracht sa seomra ranga do mhúinteoirí faoi oiliúint
- deiseanna don mhúinteoir faoi oiliúint éagsúlacht imeachtaí neamhtheagaisc a dhéanamh, chun plé le tuismitheoirí agus le comhghairmithe agus chun réimse leathan de chleachtais teagaisc a bhreathnú
- punann ghairmiúil ag an múinteoir faoi oiliúint a thosú, a chuimseodh: teagasc ranga agus taithí eile scoile; pleanáil maidir le teagasc, le foghlaim agus le measúnú; machnaimh phearsanta agus ghairmiúla; taifeadadh ar obair dhaltaí/mac léinn (scríofa, físe, fuaime, grianghrafach, srl); taifeadadh ar chomhráití gairmiúla leis an Múinteoir Comhoibritheach, an Teagascóir Socrúcháin FAO, múinteoirí eile faoi oiliúint, srl
- riachtanas go ndéanfaí gach múinteoir faoi oiliúint a thacú agus a mheasúnú ag beirt (nó níos mó) Theagascóir Socrúcháin FAO, agus go mbeadh saineolas cuí curaclaim/ábhair ag duine acu ar a laghad
- riachtanas go nglacfadh gach Teagascóir Socrúcháin FAO, lánaimseartha agus ócáideach, páirt ar bhonn leanúnach i gcláir forbartha foirne, ina gcuirfí cleachtas agus treoirlínte scríofa ar fáil, chun comhthuiscint shoiléir a bhaint amach. Tá a leithéid seo riachtanach maidir le forbairt an mhúinteora faoi oiliúint a éascú, ardchaighdeán teagaisc a chothabháil agus cur chuige cothrom a chleachtadh maidir le gráid a bhronnadh.

1.3 Tréimhse agus Ábhar Clár um Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Tá an Chomhairle, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, freagrach as tréimhse agus ábhar clár OTM a chinneadh. Glacann an Chomhairle leis na láidreachtaí ar leith ag an múnla comhthráthach agus an múnla comhleantach maidir leis na hearnálacha bunoidreachais agus iar-bhunoideachais. Measann an Chomhairle gur chóir don Stát cothrom a choinneáil maidir leis an dá mhúnla a sholáthar.

Ba chóir aird a thabhairt, maidir le tréimhse agus ábhar clár OTM, ar riachtanais mhúinteoirí faoi oiliúint maidir le forbairt ghairmiúil agus phearsanta ag an bhonncéim ríthábhachtach seo. Is gá freisin a chinntiú go mbeidh aithint idirnáisiúnta ar cháilíochtaí. Mairfidh cláir chomhthráthacha ceithre bliana ar a laghad agus mairfidh cláir iarchéime oideachas múinteoirí thar dhá bhliain; sa chaoi seo, éascófar athchoincheapú nuálaíoch ar chláir reatha. Ligfidh an tréimhse bhreise: tréimhsí fadaithe socrúchán scoile; béim níos láidre ar obair phunainne; cleachtas machnamhach agus foghlaim bunaithe ar thaighde agus ar fhiosrú; ranganna teagaisc agus obair bunaithe ar mhionghrúpaí, agus béim níos mó ar na tosaíochtaí straitéiseacha – litearthacht, uimhearthacht agus cuimsiú.

1.4 Iontráil Mac Léinn

Ba chóir cloí leis na bunriachtanais iontrála, a leagtar síos i gcomhar leis an Aire Oideachais agus Scileanna, chun ardchaighdeáin iontrála sa ghairm a choinneáil. Ar na riachtanais sin áirítear cuótaí ábhair a leagfaidh an Chomhairle síos i gcomhar leis an Lár-Oifig Iontrála agus leis an Ionad Iontrála larchéimithe. Sna míonna atá romhainn, cuirfidh an Chomhairle tús le plé maidir le bunriachtanais athchóirithe iontrála, bunaithe ar na moltaí atá leagtha amach i dTábla 3.

Tábla 3: Bunriachtanais Iontrála Molta le héifeacht ó 2016/2017

Oideachas Múinteoirí Bunoideachais	Oideachas Múinteoirí Iar-bhunoideachais
Leibhéal Ardteistiméireachta : Matamaitic: A1 Gnáthchúrsa nó C3 Ardchúrsa Béarla: B1 Ardchúrsa Gaeilge: B1 Ardchúrsa	Iarchéimí: Critéir ghinearálta agus sainábhair sa bhuncéim, leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta, a shásamh Comhthráthach: Bunleibhéal Ardteistiméireachta, nó a chomhionann, in ábha(i)r faoi staidéar chun críche oideachas múinteoirí, a leagfaidh FAO síos

Chomh maith lena bhfuil thuas, i gcásanna go bhfuil níos mó ná cúig bliana imithe ó rinne an t-iarratasóir scrúdú na hArdteistiméireachta, moltar:

- go gcaithfidh gach iarratasóir cumas litearthachta agus uimhearthachta (Béarla) a léiriú trí Thástáil Iontrála FAO.
- go gcaithfidh gach iarratasóir ar mhúinteoireacht bhunoideachais agus iad siúd a bheidh ag múineadh Gaeilge ag an leibhéal iar-bhunoideachais cumas sa Ghaeilge a léiriú trí Thástáil Iontrála Gaeilge.

1.5 Soláthar Foirne

Tá ról sainiúil ag oideoirí múinteoirí sa réimse oideachais, ag cabhrú le múinteoirí faoi oiliúint bunsraith a ngairmréime múinteoireachta a thógáil agus, sa chaoi sin, ag cur leis an leas coiteann sna scoileanna againn trí oideachas múinteoirí.

Maidir le léachtóirí agus baill eile foirne atá freagrach as foghlaim mhúinteoirí faoi oiliúint, ba chóir go mbeadh cáilíochtaí agus taithí cuí acu agus go mbeadh plé reatha ar siúl acu ina réimse féin. Go hiondúil, ba chóir go mbeadh taithí suntasach teagaisc acu sa réimse cuí agus go mbeadh siad cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Ba chóir go mbeidís gníomhach maidir le taighde agus go mbeidís chun tosaigh chun suntas a chur i dtaighde, é a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a mhaoirsiú. Ba chóir dóibh a chinntiú go ndéantar an teoiric a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm i gcleachtas, sa réimse oideachas múinteoirí.

Ba chóir do bhaill foirne cáilíocht níos airde a bheith acu ná mar atá le baint amach ag múinteoirí faoi oiliúint. Mar atá ráite cheana ag 1.2.4, aithnítear nach mbeidh sé seo indéanta i gcónaí. Ba chóir polasaithe cuí um fhorbairt foirne a chur ar fáil chun a chinntiú go ndéanann baill foirne na cáilíochtaí acu a uasdátú agus/nó eolas agus cumas a bhreisiú/leathnú, ar a n-áirítear cleachtas machnamhach, taighde, forbairt churaclaim agus forbairt ghairmiúil. Ba chóir dóibh bheith páirteach i bpobal foghlama d'oideoirí múinteoirí a chur chun cinn sa FAO acu féin agus trí líonrú leis na hoideoirí múinteoirí sna FAO eile.

B'fhéarr go mbeadh an chuid is mó de na Teagascóirí Socrúcháin FAO ina múinteoirí cláraithe le taithí reatha nó le déanaí mar mhúinteoirí sa réimse cuí.

Ba chóir, ar a laghad, cóimheas 15:1 a bheith idir múinteoirí faoi oiliúint agus an fhoireann acadúil. Tugann sé seo deis chun obair a dhéanamh i mionghrúpaí, modheolaíochtaí éifeachtacha teagaisc a mhúnlú agus na scileanna um chleachtas bríoch machnamhach a mhúineadh.

Ba chóir go mbeadh foireann riaracháin leordhótha nach ar fáil chun eagrú éifeachtach agus seachadadh an chláir a thacú.

1.6 Áiseanna

Ba chóir áiseanna leordhótha nacha a bheith ar fáil mar thacaíocht do thaighde, don teagasc agus don fhoghlaim.

Áirítear orthu seo:

- Léachtlanna agus seomraí acmhainne mar stiúideonna ceoil, saotharlanna, seomraí TFC, áiseanna corpoideachais, ceardlanna le haghaidh ealaíona agus ábhair phraiticiúla eile
- Rochtain agus cóiriú do dhaoine faoi mhíchumas
- Acmhainní teagasc agus trealamh do na réimsí uile curaclaim
- Áiseanna agus acmhainní leabharlainne chun riachtanais foirne agus freastal ar dhaltaí
- Áiseanna TFC ar a n-áirítear rochtain ar líonra ríomhaireachta, deasc cabhrach um sheirbhísí teicniúla, rochtain idirlín agus rochtain ar chláir bhána idirghníomhacha

1.7 Córais um Thacú le agus Treorú Mac Léinn

Ba chóir go mbeadh soláthar dótha nach maidir le forbairt phearsanta agus shóisialta i dteannta le cúram tréadach na múinteoirí faoi oiliúint. Tá ról lárnach ag an Teagascóir Socrúcháin FAO maidir leis seo.

Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint líonrú le mic léinn eile agus le mic léinn ar chláir eile. Go háirithe, ba chóir imeachtaí ag clubanna agus ag aontas na mac léinn a éascú agus tacú leo.

Ba chóir go mbeadh struchtúir agus cleachtais ar fáil chun idirghníomhaíocht idir na mic léinn agus na baill foirne a éascú.

Ba chóir córais, cleachtais agus acmhainní a bheith ar fáil chun riachtanais na mac léinn a léiriú agus tacú leo. Ba chóir a áireamh orthu seo seirbhísí um chomhairliú, leas shóisialta, séiplíneacht, leigheas agus gairmréim. Tá ríthábhacht ag baint le comhairliú maidir le hoiriúnacht mhúinteora faoi oiliúint chun leanúint ar aghaidh sa chlár, i.e. oiriúnacht mar mhúinteoir dá ndéantar tagairt ag 1.2.5. Ba chóir, mar rogha, go bhféadfadh múinteoir faoi oiliúint aistriú chuig clár eile, más mian leo, nuair is féidir é agus creidiúintí a thabhairt leo má dhéanann siad é sin.

1.8 Struchtúir Chumarsáide agus Chinnteoireachta

Ba chóir struchtúir chúí a bheith ar fáil maidir le rannpháirtíocht ag baill foirne agus mic léinn i bpróisis chúí breathnúcháin agus cinnteoireachta a éascú. Scil lárnach i ról mhúinteora is ea cinnteoireacht.

Ba chóir go mbeadh ionadaíocht ag an Roinn Oideachais ar Chomhairle Acadúil agus Bord Rialaithe an FAO, nó a choibhéis, agus ba chóir go mbeadh baill foirne páirteach in aon chomhpháirtíochtaí straitéiseacha cuí.

1.9 Acmhainní Airgeadais

Ba chóir acmhainní leordhótha nacha a sholáthar do chláir chun a chinntiú go mbaintear aidhmeanna cláir amach.

Ba chóir go ligfeadh agus go léireodh buiséid ábhar chláir oideachas múinteoirí ina n-áirítear socrúcháin scoile agus réimse áiseanna agus trealamh atá riachtanach chun tacú le himeachtaí praiticiúla gairmiúla. (Féach, mar shampla, 1.5 agus 1.6 thuas maidir le sonraí breise ar riachtanais na Comhairle).

Ba chóir go mbeadh an buiséad don Roinn Oideachais, mar chion den bhuiséad iomlán, i gcomhréir le buiséid do na cláir ghairmiúla eile, nuair is ann dóibh. Ar a laghad, ba chóir go mbeadh sé de réir an mhúnla maoinithe a úsáideann an t-Údarás um Ard-Oideachas.

Chun a chinntiú go ndéantar riachtanais chláir a fhreastal, ba chóir don Cheannasaí Oideachais ról gníomhach a imirt maidir le buiséad an chláir a dhréachtú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas cláir.

2. Próisis

Tá ról ríthábhachtach agus múnlaitheach ina bhforbairt mar mhúinteoirí, ag an aistear a dhéanann múinteoirí faoi oiliúint ar chláir OTM. Is féidir an t-ionchur agus na torthaí, faoi seach, a shamhlú le tús agus deireadh an aistir. Ach is é próiseas an aistir a chinnfidh, ar deireadh, taithí an chláir ag múinteoirí faoi oiliúint agus an cineál múinteoirí a bheidh iontu. Cé go bhfuil meas ag an gComhairle ar fhéiniúlacht FAO maidir leis na próisis a úsáidtear ina gcuid clár a chinneadh, leagtar amach na riachtanais leathana seo a leanas:

2.1 Cur chuige um Theagasc, Foghlaim agus Measúnú

Ba chóir go mbeadh an cur chuige maidir le teagasc, le foghlaim agus le measúnú comhsheasamhach le creat coincheapúil an FAO, agus freisin leis na tuairimí agus luachanna mar a léirítear iad sa *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Ba chóir díriú ar phlé agus ar thuiscint ag múinteoirí faoi oiliúint agus deis chun coincheapa agus téamaí lárnaacha a atrialladh ar feadh an chláir.

2.2 Plé Múinteoirí faoi Oiliúint leis an gClár

Ba chóir do mhúinteoirí faoi oiliúint plé go gníomhach leis an gclár agus chun é seo a éascú ba chóir do sholáthraithe:

- teoiric agus cleachtas a chomhtháthú ar bhealach atá bríoch do mhúinteoirí faoi oiliúint
- comhleanúnachas a bhaint amach idir an clár bunaithe sa FAO agus socrúcháin scoile

-
- cothrom cuí a sholáthar sa tréimhse foghlama idir teagasc, foghlaim éascaithe agus foghlaim neamhspleách
 - machnamh, díospóireacht, ionsamhlú agus anailís ar chásanna agus ar chúinsí a chothú
 - foghlaim ó thaithí a chleachtadh le múinteoirí faoi oiliúint, in imeachtaí ar aon dul leo sin a úsáidfídh siad lena gcuid daltaí féin
 - na modheolaíochtaí gníomhacha teagaisc, gur mian leo a d'úsáidfeadh na múinteoirí faoi oiliúint, a mhúnlú.

2.3 Plé Múinteoirí faoi Oiliúint le Baill Foirne agus le Múinteoirí eile faoi Oiliúint

Ba chóir go gcothódh agus go n-éascódh cultúr an FAO plé idir na múinteoirí faoi oiliúint agus baill foirne, agus plé idir mhic léinn an chlár agus mic léinn ar chlár eile oideachas múinteoirí laistigh agus ar fud FAO. Go háirithe, ba chóir plé trasearnálach idir mhúinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal bunoidreachais agus leibhéal iar-bhunoideachais a chothú.

2.4 Dul chun cinn laistigh den Chlár

Ba chóir céimeanna cuí dul chun cinn a chur i gclár agus go mbeadh siad sonraithe go soiléir.

2.5 Forbairt Phearsanta agus Shóisialta

Ba chóir próisis agus córais a bheith ar fáil chun soiléiriú a fháil ar, agus freagairt do riachtanais mhúinteoirí faoi oiliúint maidir lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta.

2.6 Meonta, Luachanna agus Claonta Gairmiúla

Ba chóir próisis agus córais a bheith ar fáil chun forbairt na gcroíluchanna agus na ngealltanais gairmiúla a leagtar amach sa *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* ag an gComhairle Mhúinteoireachta a éascú.

2.7 Foghlaim ar feadh an tSaoil

Ba chóir do chlár OTM bunús iontaofa do phróiseas foghlama ar feadh an tsaol a sholáthar. Go háirithe, ba chóir múinteoirí faoi oiliúint a chur ar an eolas faoi choincheap an leanúntais in oideachas múinteoirí agus cumas iontu a fhorbairt maidir lena mbealach foghlama a phleanáil. Sa chomhthéacs seo, ba chóir do mhúinteoirí faoi oiliúint a thuiscint gur bonn a ngairmréime atá á leagan acu sa chlár OTM, agus go ndéanfar forbairt bhreise air sa tréimhse ionduchtaithe iarcháilíochta agus FGL. Ba chóir go mbeadh deiseanna ag múinteoirí faoi oiliúint taighde a dhéanamh mar bhonn le seasamh fiosraithe bunaithe ar chleachtas sa todhchaí.

2.8 Próisis Mhachnamhacha

Ba chóir aitheantas, agus dúshlán nuair is cuí, a thabhairt do na meonta agus do na tuairimí faoi theagasc agus faoi fhoghlaim a thugann múinteoirí faoi oiliúint leo, agus atá mar bhonn eolais agus treoir dá gcuid cleachtas gairmiúil.

Ba chóir do chláir múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun bheith ina gcleachtóirí machnamhacha ar feadh a ngairmréime. Chuige seo is gá gléasanna mar phunanna mac léinn agus ionstraimí próifílithe i.e. próifílithe um iontráil ghairmréime a fhorbairt nó a gcomhshamhail.

Ba chóir go mbeadh punanna mac léinn, a tosaíodh le linn an chláir oideachas múinteoirí, mar fhócas um fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil sa tréimhse ionductaithe ag múinteoir nuacháilithe. Ba chóir go gcuirfidís an creat ar fáil freisin maidir le machnamh leanúnach agus le forbairt ghairmiúil an mhúinteora.

3 Torthaí

Ba chóir cláir oideachas tosaigh múinteoirí a dhearadh agus a sheachadadh chun céimithe a chumasú na torthaí foghlama a raibh súil leo a bhaint amach. Tá gaol díreach idir na torthaí foghlama agus ról casta an mhúinteora mar a luadh i mbrollach na cáipéise seo. Aithníonn siad gur tús ar aistear foghlama ar feadh an tsaoil é seo ag an múinteoir ar céimí é/í. Tógfar ar na torthaí agus tiocfaidh plé ar leibhéal níos leithne agus níos doimhne de réir mar a thagann borradh agus fás ar mhuintín agus ar thaithí an mhúinteora.

Tá torthaí foghlama le feiceáil trí:

- struchtúir fhoirmiúla a éascaíonn comhrá idir an múinteoir faoi oiliúint agus foireann FAO
- breathnú agus meastóireacht ag an Teagascóir Socrúcháin FAO agus an Múinteoir Comhoibritheach le linn an taithí socrúcháin scoile
- cur i láthair tionscadal agus punanna gairmiúla ag an múinteoir faoi oiliúint, agus
- measúnú leanúnach ar fhoghlaim agus chun foghlama

Sna torthaí foghlama, leagtha amach ag an gComhairle, cuimsítear na caighdeáin teagaisc, eolais, scile, agus inniúlachta chomh maith leis na luachanna, claonta agus meonta gairmiúla atá lárnach i gcleachtadh na múinteoireachta. Tá a gcur i láthair sa cháipéis seo i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Rinneadh é seo mar éascú ar obair na soláthraithe clár maidir leis an chomhghaol idir na riachtanais um chreidiúnú acadúil agus gairmiúil.

Na Torthaí Foghlama do Chéimithe Clár OTM

3.1 Leithead Eolais ⁵ Cineál Eolais ⁶	Léireoidh an céimí eolas agus tuiscint ar:
Caighdeán Eitice agus Iompraíocht Ghairmiúil	<ul style="list-style-type: none"> — ról sainiúil na múinteoirí sa chóras oideachais agus iad ag freastal ar fhorbairt iomlánaíoch na ndaltaí, agus castacht achrannach na múinteoireachta mar a léirítear é sa <i>Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí</i>. — an leanúntas in oideachas múinteoirí agus aistear foghlama ar feadh an tsaoil ag an múinteoir, ag tabhairt aird ar chéim an aistir sin atá bainte amach aige/aici.
Oideachas agus an Córas Oideachais	<ul style="list-style-type: none"> — ábhar agus aidhmeanna an oideachais agus na comhthéacsanna sóisialta agus polasaí ina shainítear agus a fheidhmítear aidhmeanna an oideachais — tús agus forbairt an chreat reachtúil agus déanta polasaí maidir le hoideachas, a ról ar leith agus na freagrachtaí a éiríonn ón gcreat sin, chomh maith le ról agus freagrachtaí na ngeallchoimeádaithe uile, tuismitheoirí san áireamh — cearta leanaí, ar a n-áirítear a gceart guth a bheith acu maidir le ceisteanna éagsúla a bhaineann lena saol — an t-earnáil ina bheidh sé/sí ag teagasc agus a f(h)reagrachtaí gairmiúla laistigh den earnáil sin — earnálacha eile oideachais agus cúinsí a imreoidh ar dhaltaí ag aistriú ó earnáil amháin go hearnáil eile — cultúr scoile agus conas a imríonn sé ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar fheidhmiú an pholasaí curaclaim — taighde oideachais agus a thairbhe maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú
Lárphrionsabail maidir le Pleanáil, Teagasc, Foghlaim, Measúnú, Machnamh agus Féinmheastóireacht	<ul style="list-style-type: none"> — smaointiú reatha ar fhorbairt agus ar fhoghlaim dhaonna — an teoiric, na coincheapa agus na modhanna a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú éifeachtach, idir suimitheach agus foirmitheach — na toscaí a chothaíonn agus a bhacann foghlaim éifeachtach, imirt chúlra agus féiniúlachta daltaí ar fhoghlaim agus an riachtanas chun forbairt iomlánaíoch an fhoghlaiméora a éascú, go háirithe trí chur chuige difreáilte — ról múinteoirí mar chinnirí oideachais a chruthaíonn agus a bhunaíonn pobail foghlama ina seomraí ranga, ina scoileanna agus trí na líonraí gairmiúla acu — daltaí mar ghníomhairí díreacha ina bhfoghlaim féin — an t-idirspheáchas idir foghlaim mhúinteora agus foghlaim dhalta — múnlaí um chláir theagaisc a phleanáil atá comhleanúnach, difreáilte agus comhtháite agus machnamh leanúnach ar chleachtas gairmiúil mar bhonn eolais leo

⁵ Tuiscint ar theoiric, coincheapa agus modhanna a bhaineann le réimse (nó réimsí) foghlama. Tá torthaí eolais ceangailte le fíricí agus le coincheapa; is é sin, tagraíonn siad do nó faoi rud éigin. Dá itchineálach, casta agus éagsúil iad na fíricí agus na coincheapa, is mó é leithead an eolais agus is ceist leibhéil í seo. Is gá leithead a aithint ó líon na bhfíricí agus na gcoincheap éagsúla a fhoghlaimítear, rud a bhaineann le méid.

⁶ Mioneolas agus tuiscint ar réimse speisialaithe amháin nó níos mó, agus cuid den eolas sin ar theorainn an réimse nó na réimsí. Rud carnach é fíricí agus coincheapa, ar a n-áirítear smaointe, tosca nó imeachtaí a léiriú. Dá líonmhaire iad na fíricí agus na coincheapa a leagtar anuas ar a chéile, agus ar a dtarraingítear i ndiaidh a chéile chun brí a thógáil, is ea is airde an leibhéal foghlama. Tá ceangal ag an bpróiseas seo go hiondúil, le tuilleadh teibíochta a aistriú ó fheiniméin choinreiteacha ina dteoiricí de réir a chéile.

<p>Eolas Ábhair agus Próiseas agus Ábhar Curaclaim</p>	<ul style="list-style-type: none"> — na próisis fhuinniúla maidir le curaclam a dhearadh agus a fheidhmiú — curaclaim/siollabais reatha náisiúnta san earnáil chúí agus feasacht ar riachtanais churaclaim sna céimeanna foghlama roimh agus i ndiaidh na céime reatha — eolas ábhair, ábhar oideolaíochta agus modheolaíocht ghaolmhar na gcuraclam/siollabas agus treoirlínte cuí — ról teanga i dteagasc an churaclaim/siollabais chomh maith le díriú ar leith ar litearthacht agus uimhearthacht — naisc agus téamaí traschuraclaim ar a n-áirítear: saoránacht; cruthaíocht; cuimsiú agus ilchineálacht; tionscnamh agus fiontraíocht; oideachas pearsanta, sóisialta agus sláinte; agus TFC, mar is cuí maidir le hearnáil agus céim oideachais agus conas a bhaineann siad le taithí saoil.
<p>Cumarsáid agus Tógáil Chomhchaidrimh</p>	<ul style="list-style-type: none"> — an tábhacht a bhaineann le comhchaidreamh idir múinteoirí agus daltaí sa phróiseas teagaisc/foghlama — straitéisí forbartha maidir le dea-chaidrimh agus cumarsáid le daltaí, tuismitheoirí, comhghleacaithe, príomhoide na scoile, bainistíocht na scoile, comhghairmithe agus an pobal níos leithne — ról na ngeallchoimeádaithe and an tábhacht a bhaineann le plé agus comhoibriú leo, chun cur le spiorad saineúil na scoile agus dea-thimpeallacht maidir le teagasc agus foghlaim a fhorbairt.

3.2 Fios Gnó & Réimse Scileanna⁷ Fios Gnó & Roghnaíocht Scileanna⁸	Beidh an céimí ábalta:
Scileanna um Anailís, Smaointeoireacht Chriticiúil, Réiteach Fadhbanna, Machnamh agus Féinmheastóireacht	<ul style="list-style-type: none"> – meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar mheonta agus tuairimí faoi theagasc agus foghlaim atá mar bhonn eolais agus treoir dá c(h)leachtas gairmiúil – dul i mbun sonraí a bhailiú agus meastóireacht agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar eolas agus ar thaighde cuí – smaointeoireacht chriticiúil agus anailís agus réiteach fadhbanna a chleachtadh, mar dhuine aonair agus mar bhall foirne – machnamh go criticiúil ar a c(h)leachtas ar bhonn leanúnach mar bhonn eolais don chleachtas sin.
Scileanna Pleanála, Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe	<ul style="list-style-type: none"> – ionchais atá soiléir, dúshlánach agus indéanta a chur roimh dhaltáí – spreagadh agus inspioráid a chothú, aithint agus comóradh a dhéanamh ar iarracht – feidhm a bhaint as cumas daltaí aonair; claonta chun foghlama; éagsúlacht chúlraí, féiniúlachtaí, taithí agus stíleanna foghlama; i bpleanáil chun teagaisc, foghlama agus measúnaithe – feidhm a bhaint as réimse straitéisí chun claonadh daltaí chun foghlama agus a ndul chun cinn a thacú, a mhonatóiriú agus a mheasúnú – plé le daltaí chun straitéisí éifeachtacha, cruthaíochta agus samhlaíochta a fhorbairt a chothaíonn foghlaim aonair agus roinnte – teicneolaíocht, ar a n-áirítear acmhainní ilmheánacha, a úsáid go héifeachtach mar thacaíocht le foghlaim dhaltáí – indéantacht aidhmeanna an churaclaim a mheasúnú agus a t(h)eagasc a chóiriú dá réir – a c(h)uid eolais faoi fhorbairt iomlánaíoch daltaí a chur i bhfeidhm ar a t(h)eagasc agus freagracht sóisialta a chothú – cur le meastóireacht agus pleanáil éifeachtach scoile.
Scileanna Bainistíochta agus Eagraithe Seomra Ranga	<ul style="list-style-type: none"> – timpeallacht slán, idirghníomhach agus dúshlánach a chruthú agus a chothabháil ag baint feidhm as straitéisí a chothaíonn agus a choinníonn iompraíocht dearfach, de réir pholasaí na scoile – straitéisí bainistíochta seomra ranga a bhunú a thacaíonn foghlaim dhifreáilte ar chaoi a thugann meas ar dhínit na ndaltaí uile – scileanna cuí bainistíochta agus eagraithe seomra ranga a úsáid chun freastal ar réimse cúinsí seomra ranga – éagsúlacht acmhainní curaclaim a rochtain, a fhorbairt agus a úsáid – a c(h)uid ama agus oibre a bhainistiú go héifeachtach críochnúil.
Scileanna Cumarsáide agus Tógáil Chomhchaidrimh	<ul style="list-style-type: none"> – dea-chaidreamh le daltaí agus idir daltaí a chothú, bunaithe ar chóimheas, muinín agus idirghníomhaíochtaí bríocha. – cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daltaí, tuismitheoirí, comhghleacaithe, príomhoide na scoile, bainistíocht na scoile, comhghairmithe agus an pobal níos leithne trí scileanna, stíleanna agus córais chuí a úsáid de réir an chúinse agus suímh ar leith – páistí a chumasú chun coinbhleacht a réiteach – leas na ndaltaí a chur in iúl agus a chur chun cinn, mar is cuí

3.3 Inniúlacht - Comhthéacs⁹ Inniúlacht - Ról¹⁰	Beidh an céimí ábalta:
Scileanna Eolais, Meonta agus Luachanna a Chomhtháthú agus a Fheidhmiú i Suímh Oideachais Chasta Thaghdacha	<ul style="list-style-type: none"> — prionsabail agus teoiricí cuí oideachais a chomhtháthú, i gcomhthéacs an churaclaim/siollabais chuí, ag baint úsáide as scileanna dea-fhorbartha fiosraithe, mar bhonn eolais dá c(h)leachtas gairmiúil — measúnú córasach iomlánaíoch a dhéanamh ar riachtanais fhoghlaimoirí — réimse modheolaíochtaí a fheidhmiú chun torthaí pleanáilte a bhaint amach — meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn foghlaimoirí i dtreo na dtorthaí sin — pleananna a athbhreithniú de réir an eolais mheastóireachta agus i gcomhar le daoine eile, mar is cuí — taighde cuí a dhéanamh agus a fheidhmiú mar is cuí dá c(h)omhthéacs teagaisc, chun eolas nua maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú a léiriú, a anailísiú go criticiúil agus a chomhtháthú ina gcuid gcleachtas — gníomhú mar abhcóidí thar ceann foghlaimoirí, ag cur daltaí ar aghaidh chuig tacaíocht speisialaithe oideachais mar is gá agus páirt a ghlacadh maidir le soláthar na tacaíochta sin, mar is cuí.

3.4 Inniúlacht – Foghlaim chun Foghlama¹¹	Déanfaidh an céimí:
An Múinteoir mar Foghlaimoir ar feadh an tSaoil	<ul style="list-style-type: none"> — gealltanais don fhorbairt phearsanta agus don fhorbairt ghairmiúil ar feadh an tsaol a thaispeáint, a léirítear sa chur chuige dá c(h)uid oibre — punann ghairmiúil a chothabháil — éifeacht a c(h)leachtais a athbhreithniú trí mhachnamh leanúnach ar an gcleachtas sin — gealltanais gairmiúil a thaispeáint maidir le comhairle chuiditheach a lorg, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm — páirt ghníomhach a ghlacadh i bpobail ghairmiúla foghlama a phléann le machnamh, le foghlaim agus le cleachtas i ngrúpaí.

3.5 Inniúlacht - Léargas¹²	Déanfaidh an céimí:
Teagasc Ghairmiúil Eiticíúil	<ul style="list-style-type: none"> — na croíluachanna agus gealltanais ghairmiúla atá leagtha amach sa Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a chur ar eolas agus seasamh leo. — machnamh ar na luachanna agus na gealltanais seo agus ar na himpleachtaí maidir lena c(h)leachtas — cur le caighdeán agus le treoirlínte oideachais a fhorbairt — cleachtadh laistigh den chreat reachtúil maidir le hoideachas, ar a n-áirítear treoirlínte um chosaint leanaí — eolas speisialta a roinnt ar bhealach comhghleacúil chun tacú le, agus feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim — tuiscint agus comhfhios ar cheistanna cleachtais ghairmiúil a thaispeáint trí phróiseas mhachnaimh ar thaithí — cáil agus seasamh na gairme múinteoireachta a chosaint trín na gcuid cleachtas.

- 7 Máistreacht ar réimse casta speisialaithe scileanna agus uirlisí a léiriú; ardsbileanna agus arduirlisí a úsáid agus a mhodhnú chun taighde agus ardobair ghairmiúil nó teicniúil diantreoraithe a dhéanamh. Cuimsíonn scileanna, á bhfeidhmiú agus mar bhonn ar eolas cleachtach, mórán cineálacha éagsúla uirlise a úsáid. Ciallaíonn 'Uirlis' aon ghléas nó próiseas a éascaíonn daoine aonair chun éifeacht a imirt ar a dtimpeallacht fisiceach, eolasach nó sóisialta. Áirítear mar uirlisí próisis chognaíocha agus shóisialta chomh maith le gléasanna fisiceacha. Féadfaidh uirlisí, agus na scileanna chun iad a úsáid, a bheith coitianta agus aitheanta nó núosach agus nuacheaptha. Is ceist méid seachas leibhéil í líon na scileanna a fhoghlaimítear. Is é éagsúlacht na scileanna a chuidíonn leis an difreáil leibhéil. Tréith eile a chuidíonn chun an leibhéal a léiriú ná iomlánaíocht na scileanna (agus an fios gnó a ghabhann leo) maidir le réimse gníomhaíochta ar bith.
- 8 Breithiúnas cuí a dhéanamh i raon feidhmeanna casta maidir le pleanáil, dearadh, teicneolaíocht agus/nó bainistíocht a bhaineann le táirgí, seirbhísí, oibríochtaí nó próisis, ar a n-áirítear acmhainní a chur ar fáil. Chun beart a chur i gcrích, caithfidh an foghlaimeoir an timpeallacht oibre a thuiscint chomh maith lena c(h)umas agus a s(h)rianta féin, ach ag an am céanna bheith ábalta an réiteach idir éilimh agus cumas a mheas. Ciallaíonn an raon scileanna agus fios gnó cad is féidir leis an bhfoghlaimeoir a dhéanamh; ciallaíonn roghnaíocht (nó freagrúlacht ghnásúil) an breithiúnas a chleachtann an foghlaimeoir i mbun cleachtais, ag roghnú ón raon scileanna agus fios gnó ar fáil dó/di, de réir mar a mheasann sé/sí éilimh na hoibre.
- 9 Ardsbileanna a úsáid chun taighde, nó ardobair theicniúil nó gairmiúil a dhéanamh, ag glacadh freagrachta as cinnteoireacht dá thoradh sin; scileanna diagnóiseacha agus cruthaíochta a aistriú agus a fheidhmiú i réimse comhthéacsanna. Tugann cúinsí daonna, gairme nó sóisialta/sibhialta, an comhthéacs ina n-úsáidtear eolas agus scil chuig aidhmeanna praiticiúla. Is casta iad raon na gcúinsí sin agus mar sin na héilimh ar an duine atá ag gníomhú iontu. Cuireann cúinsí nó comhthéacsanna atá struchtúrtha nó mionsonraithe srian ar iompraíocht an duine aonair agus mar sin is lú an leibhéal foghlama is gá. Braitheann an réimse freagraí, agus mar sin an méid a éilítear de réimse níos leithne nó leibhéal níos airde eolais agus scileanna, ar intuarthacht an chomhthéacs. Is gá leibhéil foghlama níos airde le gníomhú go héifeachtach agus go féinriarthach i gcúinsí nó i gcomhthéacsanna atá casta, droch-shainithe agus taghdach.
- 10 Gníomhú go héifeachtach faoi threoir i bpiarghaol le cleachtóirí cáilithe; grúpaí iolracha, casta, ilchineálacha a threorú. Is céim lárnach chun eolas agus scileanna a chur in úsáid éifeachtach é páirt a ghlacadh agus feidhmiú i gcineálacha éagsúla grúpaí. Chun bheith páirteach go tairbheach i ngrúpa, caithfidh daoine aonair ról chúil a ghlacadh laistigh den ghrúpa. Chuige seo, is gá scileanna sóisialta a fheidhmiú agus aidhmeanna an ghrúpa a thuiscint. Is gá leibhéil níos airde inniúlachta chun ról iolracha a imirt chomh maith le ról a éilíonn cinnteach, tionscnamh agus neamhspleáchas. Baineann inniúlacht níos airde chomh maith le bheith páirteach i ngrúpaí atá níos casta agus níos ilchineálaí iontu féin.
- 11 Foghlaim conas gníomhú i gcomhthéacsanna aithríocha agus anaithnid; foghlaim conas tascanna foghlama a bhainistiú go neamhspleách, gairmiúil, eiticniúil. Cuimsíonn an gné seo an chaoi a n-aithníonn agus a admháíonn duine na srianta ar a c(h)uid eolais, scile agus inniúlachta, agus pleanáil chun na srianta sin a thrasnú le tuilleadh foghlama. Is foghlaim chun foghlama é an cumas breathnú ar thairbhí nua agus páirt a ghlacadh inti, agus brí a bhaint agus a choinneáil as an thairbhí seo. Cuireann an fhoshraith seo béim ar ghaol an foghlaimeora lena p(h)róisís foghlama féin, ach tarraingíonn ar ghnéithe eile eolais, scile agus inniúlachta. Cuireann sé seo bonn ar achoimriú agus ginearálú a éascaíonn, i bprionsabail, féachaint air seo mar fhoshraith ar leith inniúlachta.
- 12 Cruinneshamhail chuimsitheach inmheánaithe phearsanta a chur in iúl a thaispeánann dlúthpháirtíocht le daoine eile. Is léargas é an cumas chun plé le tuiscint agus comhfhios atá ag dul i gcastacht, go himmheánach agus go seachtrach, trí phróiseas machnaimh ar thairbhí. Cuimsíonn léargas na sraitheanna eile eolais, scile agus inniúlachta a chomhtháthú le meonta, spreagadh, luachanna, tuairimí, stíl chognaíoch agus pearsantacht an foghlaimeora. Déantar soiléiriú ar an chomhtháthú seo sa chaoi go ndéanann an foghlaimeoir idirghníomhú le struchtúir shóisialta agus chultúrtha sa phobal agus sa tsochaí aige/aici, ach fós gur feiniméan cognaíoch aonair é freisin. Déantar féintuiscint foghlaimeora a fhorbairt trí mheastóireacht a dhéanamh ar aiseolas ón timpeallacht ghinearálta, go háirithe ó dhaoine eile, agus tá sé seo fóir-riachtanach maidir le gníomhú sa saol ar chaoi a bhfuil tuilleadh neamhspleáchais ag baint leis ó lá go lá.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

Íosghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Faics +353 1 651 7901
Rphost eolas@oide.ie

www.oide.ie



The Teaching Council
An Chomhairle Mhúinteoireachta
